2025/2153

23.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2153 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Deireadh Fómhair 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scriúnna gan cheann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, agus lena dtoibhítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach ar na hallmhairí scriúnna gan cheann arna gclárú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), (an 'bun Rialachán') agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 17 Deireadh Fómhair 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí scriúnna gan cheann ('scriúnna') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú i ndiaidh gearán a rinne Institiúid Ceanglóirí Tionsclaíocha na hEorpa ('an gearánach' nó 'EIFI') an 2 Meán Fómhair 2024. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal an Aontais a dhéanann scriúnna gan cheann de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/141 ón gCoimisiún ([3]) ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe.

1.3. Bearta sealadacha

(4) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 19 Bealtaine 2025, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna beartaithe do na páirtithe, agus thug sé sonraí dóibh faoi ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach ar leor iad chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de 3 lá oibre. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna.

(5) An 16 Meitheamh 2025, d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí scriúnna gan cheann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1189 ón gCoimisiún ([4]) ('an Rialachán sealadach').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C, C/2024/6209, 17.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6209/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/141 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2025 lena gcuirtear allmhairí scriúnna gan cheann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe (IO L, 2025/141, 30.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/141/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1189 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí scriúnna gan cheann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2025/1189, 16.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1189/oj).

1.4. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(6) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, chuir na páirtithe seo a leanas barúlacha isteach maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán sealadach:

— na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte Síneacha Zhejiang Junyue Standard Part Co., Ltd. ('Junyue'), grúpa Chinafar agus grúpa Brother;

— allmhaireoir Pretec AB;

— allmhaireoir Kohlhage Fasteners GmbH and Co. ('Kohlhage');

— comhlachas soláthróirí cruach EUROFER;

— Comhlachas Dáileoirí Ceanglóirí na hEorpa ('EFDA');

— Institiúid Ceanglóirí Tionsclaíocha na hEorpa ('EIFI' nó 'an gearánach').

(7) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Reáchtáladh éisteacht leis an allmhaireoir Pretec AB.

(8) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí cinntitheacha. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(9) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí scriúnna gan cheann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an nochtadh cinntitheach'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh. Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Reáchtáladh éisteacht le EIFI agus EFDA.

1.5. **Maímh maidir leis an tionscnamh**

(10) Ní bhfuarthas aon mhaíomh maidir leis an tionscnamh. Dá bhrí sin, deimhníodh an chonclúid ó aithris 6 den Rialachán sealadach.

1.6. **Sampláil**

(11) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh EIFI nach fíortháirgeoir scriúnna gan cheann a bhí i ngach táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne a tháinig chun cinn sa chleachtadh samplála.

(12) Roinnt de na cuideachtaí a tháinig chun cinn agus a cinneadh nach fíortháirgeoirí onnmhairiúcháin a bhí iontu, cé go raibh siad eisiata cheana féin ag an gCoimisiún ón liosta atá i gceangal leis an Rialachán sealadach, rinne an Coimisiún seiceálacha breise mar fhreagra ar aighneacht EIFI. D'iarr an Coimisiún ar gach cuideachta chomhoibríoch de chuid na Síne a gceadúnas gnó agus a n-airteagail chomhlachais a sholáthar, agus, i gcás inar gá, fianaise bhreise, a léiríonn gur fíortháirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann iad. Cuireadh in iúl do na cuideachtaí nár thug freagra gur mheas an Coimisiún gurb ionann gan freagra a thabhairt agus neamh-chomhoibriú i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Rinneadh athbhreithniú dá réir sin ar liosta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha.

(13) Ní bhfuarthas aon bharúil eile maidir le sampláil. Dá bhrí sin, deimhníodh na conclúidí ó aithris 7 go 16 den Rialachán sealadach.

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(14) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

(15) Is é atá sa táirge faoi imscrúdú scriúnna agus boltaí, bíodh a gcuid cnónna agus leicneán leo nó ná bíodh, gan cheann orthu, iad déanta as iarann nó as cruach seachas cruach dhosmálta, gan beann ar a neart teanntachta, seachas scriúnna cóiste agus scriúnna adhmaid eile, scriúchrúcaí agus scriúfháinní, scriúnna féintapála, agus scriúnna agus boltaí chun ábhar tógála iarnróid a fheistiú ('an táirge faoi imscrúdú').

(16) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, atá faoi láthair faoi chóid AC 7318 15 42 agus 7318 15 48.

2.1. Maímh maidir le raon feidhme an táirge

(17) D'áitigh allmhaireoir, Pretec AB, gur cheart slata bonneagair struchtúracha arna ngalbhánú le teothumadh atá 5,8 méadar ar fhad a eisiamh ó raon táirge an imscrúdaithe seo toisc gur táirge ar leith iad mar gheall ar an méid seo a leanas:

— saintréithe ceimiceacha, fisiceacha agus teicniúla ar leith i gcomparáid le scriúnna eile, go háirithe mar gheall ar a mbratú since tiubh (45–215 μm) ó ghalbhánú le teothumadh, lena soláthraítear friotaíocht níos fearr in aghaidh creimthe i gcomparáid le plátáil leictrealaíoch (5–20 μm) agus atá fíor-riachtanach le haghaidh aeráidí Nordacha;

— Tá slata bonneagair struchtúracha dar faid 5,8 méadar oiriúnach go huathúil do thionscadail mhóra bhonneagair (e.g. droichid, foirgnimh) a éilíonn marthanacht fhadtéarmach, murab ionann agus scriúnna níos lú a úsáidtear i bhfeidhmeanna tí nó tionsclaíocha;

— Ní féidir le haon táirgeoir de chuid an Aontais slata bonneagair struchtúracha arna ngalbhánú le teothumadh dar faid 5,8 méadar a éilítear i margaí Nordacha (catagóirí creimneachta C3–C5) a sholáthar, rud a fhágann go bhfuil gá le hallmhairí.

(18) Thug an Coimisiún dá aire, go deimhin, maidir leis na difríochtaí ceimiceacha agus fisiceacha, go gcruthaíonn galbhánú le teothumadh bratú since níos tibhe (45–215 μm) i gcomparáid le plátáil leictrealaíoch (5–20 μm). Mar sin féin, measadh go léiríonn tiús galbhánaithe agus fad na slat bonneagair struchtúrach cineál táirge ag a bhfuil feidhmeanna sonracha a thagann faoin sainmhíniú ar an táirge, seachas a bheith ina tháirge difriúil.

(19) Maidir leis na maímh maidir le húsáidí teicniúla agus deiridh, shuigh an Coimisiún gur úsáideadh slata bonneagair struchtúracha sna hearnálacha céanna le scriúnna eile gan cheann, go háirithe an earnáil tógála agus, dá bhrí sin, go raibh siad in iomaíocht dhíreach le scriúnna eile gan cheann san earnáil sin.

(20) Thairis sin, léiríonn an fhianaise a chuir EIFI ar fáil go bhfuil idir 100 000 agus 300 000 MT in aghaidh na bliana i gceist leis an acmhainneacht táirgeachta don bhratú since agus go bhfuil idir 50 000 agus 150 000 MT in aghaidh na bliana i gceist leis an acmhainneacht táirgeachta do shlata suas le 6 mhéadar san Aontas. Chinn an Coimisiún go bhfuil modhanna táirgthe eile ar fáil chun cruach a chosaint ar chreimeadh in aeráidí Nordacha go háirithe.

(21) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh slata bonneagair struchtúracha de 5,8 mhéadar arna ngalbhánú le teothumadh a chur as an áireamh.

(22) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Pretec nár mheas an Coimisiún i gceart raon feidhme iomlán na fianaise eolaíche, teicniúla agus rialála a chuir Pretec ar fáil, lenar tacaíodh leis an maíomh gur táirgí ar leith iad slata bonneagair struchtúracha agus gur cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, athmhachnamh a dhéanamh ar iarraidh Pretec ar shlata bonneagair struchtúracha a chur as an áireamh agus ba cheart dó glacadh leis an iarraidh sin. In éagmais roghanna malartacha inmharthana san Aontas agus an réasúnaíocht lochtach maidir le haicmiú táirgí, tugtar údar breise le slata bonneagair struchtúracha a eisiamh ón raon feidhme.

(23) Mhaígh Pretec, go háirithe:

— Tá difríochtaí fíorasacha eolaíocha agus teicniúla ann, amhail galbhánú na slat bonneagair struchtúrach le teothumadh, lena gcruthaítear nasc miotalóireachta idir sinc agus cruach as a dtagann bratú marthanach cóimhiotail le dhécosaint ar chreimeadh (cosaint bhacainne agus cosaint chatóideach) nach bhfuil an phlátáil leictrealaíoch in ann a mhacasamhlú. Athraíonn an próiseas sin go bunúsach airíonna na cruach, rud a fhágann go bhfuil slata bonneagair struchtúracha éagsúil le táirgí brataithe eile ó thaobh struchtúir agus feidhme de . Ní mór do slata bonneagair struchtúracha a úsáidtear i mbonneagar Nordach dianchaighdeáin theicniúla a chomhlíonadh (e.g. EN ISO 898-1) maidir le neart imbhuailte (27 Joule ag -20 °C) agus friotaíocht in aghaidh creimthe i dtimpeallachtaí crua (aicmí creimneachta C3–C5), nach gcomhlíontar le roghanna malartacha leictrealaíocha.

— Tagann slata bonneagair struchtúracha faoi shainiúlacht rialála agus margaidh, ós rud é go rialaítear iad le caighdeáin ISO ar leith (e.g., ISO 10684, 1461) le haghaidh cosaint ar chreimeadh agus airíonna meicniúla, murab ionann agus na caighdeáin maidir le scriúnna beaga nó plátáil leictrealaíoch dá dtagraítear sa ghearán. Chomh maith leis sin, éilíonn na tionscadail bhonneagair Nordacha (e.g. droichid, tolláin) slata bonneagair struchtúracha arna ngalbhánú le teothumadh nó atá déanta as cruach dosmálta mar gheall ar shonraíochtaí teicniúla ceangailteacha ó eintitis atá faoi úinéireacht an stáit (e.g., Vattenfall, Svenska Kraftnät) agus creataí tionscail amhail AMA Anläggning. Eisiatar roghanna malartacha leictrealaíocha go sainráite ó na tionscadail sin.

— Tá slata bonneagair struchtúracha neamh-in-idirmhalartaithe le scriúnna gan cheann níos lú mar gheall ar dhifríochtaí i méid, in acmhainneacht ualachiompartha, agus sna ceanglais theicniúla. Bíonn siad in iomaíocht le slata bonneagair struchtúracha de chruach dhosmálta (a eisiatar ón imscrúdú), seachas táirgí leictrealaíocha.

— D'ainneoin mhaímh thionscal an Aontais maidir le hacmhainneacht táirgeachta leordhóthanach de chuid an Aontais, ní féidir le haon soláthróir de chuid an Aontais slata bonneagair struchtúracha arna ngalbhánú le teothumadh a chomhlíonann caighdeáin ISO maidir le fad, feidhmiúlacht agus friotaíocht in aghaidh creimthe a tháirgeadh. Déanann fianaise mhargaidh, lena n-áirítear stair allmhairiúcháin 20 bliain Pretec agus deimhnithe ó sholáthróirí, an bhearna theicniúil agus thráchtála sin a bhailíochtú.

— Theip ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar thosca criticiúla lena sainítear uathúlacht slata bonneagair struchtúrach, amhail nascadh miotalóireachta, cáilíocht cruach, agus comhlíonadh chaighdeáin ISO/EN. Chomh maith leis sin, b'ionann aige slata bonneagair struchtúracha agus táirgí eile bunaithe ar chóid chustaim chomhroinnte, agus neamhaird á déanamh dá sonraíochtaí ar leith agus dá n-úsáidí deiridh.

(24) Thug an Coimisiún dá aire, agus an táirge faoi imscrúdú á shainiú aige, gur tugadh aghaidh go sainráite sa ghearán ar bhratuithe cosanta ar chreimeadh, lena n-áirítear galbhánú le teothumadh, mar a bhaineann le táirgí a úsáidtear i dtógáil lasmuigh, droichid agus struchtúir fóntais a nochtar do thimpeallachtaí crua amhail taise, salann agus adhaimsir. Aithníodh sa ghearán freisin go bhfuil slata bonneagair struchtúracha, d'ainneoin a bpróiseas galbhánaithe sonrach, ailínithe go feidhmiúil agus go teicniúil leis na táirgí a chumhdaítear leis an imscrúdú seo.

(25) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go ndearnadh caighdeáin éagsúla (ISO, EN, DIN) a ionchorprú sa ghearán lena sainítear sonraíochtaí meicniúla agus ábhair le haghaidh scriúnna cruach, lena n-áirítear ISO 898, lena rialaítear airíonna meicniúla na cruach. Cé gur chuir Pretec caighdeáin ISO amhail ISO 10684 agus ISO 1461 i dtábhacht le haghaidh slata bonneagair struchtúracha, ní bhunaítear catagóir táirge ar leithligh leo sin. Ní léiríonn caighdeán ISO ar leith ach go bhféadfadh slata bonneagair struchtúracha a bheith ina n-athraitheach neamhchaighdeánaithe de scriúnna gan cheann, agus nach táirge atá éagsúil go bunúsach é chun críocha an imscrúdaithe seo. Thug an Coimisiún faoi deara freisin go bhfuil spleáchas Pretec ar cheanglais theicniúla amhail neart imbhuailte (27 Joule ag –20 °C) agus comhlíonadh aicmí creimneachta C3–C5 ag teacht le raon feidhme níos leithne an imscrúdaithe, toisc go bhfuil na critéir sin comhsheasmhach le prionsabail ghinearálta na friotaíochta in aghaidh creimeadh agus na feidhmíochta meicniúla a leagtar amach sa ghearán.

(26) Chuimsigh raon táirge an imscrúdaithe seo slata snáithithe agus scriúnna gan cheann, lena n-áirítear iad siúd a dearadh le haghaidh feidhmeanna speisialaithe, ar choinníoll go bhfuil saintréithe fisiciúla, teicniúla agus feidhmiúla forluiteacha acu. Toisc sonraíochtaí teicniúla ceangailteacha a bheith ann le haghaidh tionscadail shonracha (e.g., AMA Anläggning, riachtanais ó Vattenfall agus Svenska Kraftnät), níor bréagnaíodh inmhalartacht na slat bonneagair struchtúrach le scriúnna gan cheann eile nuair a chomhlíonann siad critéir feidhmíochta choibhéiseacha. Thug an Coimisiún dá aire freisin, cé go bhféadfadh slata bonneagair struchtúracha dul in iomaíocht le táirgí cruach dosmálta i bhfeidhmeanna áirithe, go dtugann an gearán aghaidh go sainráite ar iomaíocht den sórt sin, agus nach dtugann eisiamh cruach dosmálta ón imscrúdú údar le slata bonneagair struchtúracha a eisiamh.

(27) D'admhaigh an Coimisiún maíomh Pretec nach bhfuil slata bonneagair struchtúracha in-idirmhalartaithe le scriúnna gan cheann níos lú mar gheall ar dhifríochtaí i méid, in acmhainneacht ualachiompartha, agus sna ceanglais theicniúla. Mar sin féin, is minic a chloíonn scriúnna, gan beann ar a méid, le prionsabail chaighdeánacha innealtóireachta agus is féidir leo úsáidí meicniúla comhchosúla a chomhlíonadh (e.g. imthaca ualaigh, ceangal) ar fud na bhfeidhmeanna má chomhlíonann siad critéir iomchuí maidir le neart agus sábháilteacht. Níor aimsigh an Coimisiún fianaise go bhfágann sonraíochtaí teicniúla slat bonneagair struchtúrach nach bhfuil siad inmhalartaithe go catagóireach le táirgí eile laistigh den raon feidhme. Thairis sin, cé gur mhaígh Pretec nach bhfuil sé d'acmhainn ag táirgeoirí an Aontais slata bonneagair struchtúracha a chomhlíonann caighdeáin ISO a sholáthar, deimhníodh le hiarscríbhinní agus aighneachtaí breise an ghearáin gur ann d'acmhainneacht táirgeachta an Aontais le haghaidh slata snáithithe arna ngalbhánú le teothumadh, lena gcomhlíontar caighdeáin ISO agus atá ar faid níos mó.

(28) I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil fiúntas le hiarraidh Pretec slata bonneagair struchtúracha a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe seo agus, dá bhrí sin, diúltaíodh di. Cuimsíonn an raon táirgí, mar a shainmhínítear sa ghearán agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis ([5]), slata bonneagair struchtúracha mar gheall ar a saintréithe forluiteacha teicniúla, feidhmiúla agus rialála le scriúnna eile gan cheann eile.

(29) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, d'iarr EIFI ar an gCoimisiún slata snáithithe a allmhairítear faoi chód TARIC 7308 90 98 90 ([6]), agus a úsáidtear le haghaidh caighin boltaí daingnithe, a chur san áireamh i raon táirge an imscrúdaithe, ós rud é gur mí-aicmíodh na caighin boltaí ancaire sin. De réir EIFI, cheadófaí méid míchuí d'allmhairí slat snáithithe ón tSín mar gheall ar mhí-aicmiú agus go mbainfí an bonn de na bearta frithdhumpála. De réir EIFI, tá caighean boltaí daingnithe comhdhéanta go príomha de boltaí ardnirt (aicmithe faoi chód TARIC 7318 15 48 90), dhá phláta cruach (plátaí bunaidh agus dáilte), cnónna, leicneáin, agus mion-chomhpháirteanna eile, atá á n-allmhairiú go neamhchóimeáilte faoi láthair. Dá bhrí sin, bheadh úsáid an chóid 7308 90 98 90 chun caighin boltaí daingnithe a dhéantar le slata snáithithe a aicmiú mícheart, ós rud é nach eilimintí nasctha iad na slata a luaitear sa tuairisc ar an gcód (amhail slata snáithithe), ach barraí neamhshnáithithe simplí.

(30) Sainmhíníodh raon feidhme an táirge san fhógra tionscnaimh. Níor cumhdaíodh caighin boltaí daingnithe leis an ngearán agus, dá bhrí sin, níor chuir tionscal an Aontais aon fhianaise ar fáil maidir le dumpáil agus díobháil dá dheasca lena dtugtar údar le himscrúdú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

(31) Tar éis an nochta chinntithigh, dhearbhaigh EIFI gur cheart dleachtanna a chur i bhfeidhm *pro rata* ar an sciar de shlat snáithithe a áirítear i dtáirgí a allmhairítear faoi chód AC 7308 90 98 (caighin boltaí daingnithe), toisc go dtagann na slata snáithithe sin faoi raon feidhme an imscrúdaithe. Shoiléirigh EIFI go gceanglaítear cásanna boltaí daingnithe, atá comhdhéanta go príomha de shlata snáithithe, a aicmiú faoi chód AC 7308 90 98 faoin bhFaisnéis Taraife Cheangailteach atá ann cheana ([7]). Dá bhrí sin, chuir an páirtí fianaise ar fáil gurb ionann slata snáithithe agus formhór mheáchan agus luach an chaighin ancaire.

(32) De rogha air sin, d'áitigh EIFI go ndearna an Coimisiún earráid nuair a dhiúltaigh sé an iarraidh an raon táirge a leathnú chun CN 7308 90 98 a áireamh, agus ba cheart, dá bhrí sin, é a ionchorprú sna bearta frithdhumpála. Chun tacú leis sin, luaigh an páirtí an t-imscrúdú frithdhumpála maidir le saic agus málaí ([8]), inar áiríodh ina dhiaidh sin i raon feidhme na n-imeachtaí táirgí a aicmítear faoi chóid AC nár díríodh orthu ar dtús san fhógra tionscnaimh ábhartha.

(33) Níor sainmhíníodh slata snáithithe arna gcóimeáil i gcaighin boltaí daingnithe laistigh de raon feidhme an ghearáin mar tháirgí atá faoi réir an imscrúdaithe seo. Dá réir sin, níor thíolaic tionscal an Aontais aon fhianaise ar dhumpáil nó díobháil a bhí leordhóthanach chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh maidir leis na slata snáithithe a cuireadh le chéile sna caighin boltaí daingnithe. Thairis sin, ceanglaíodh ar gach páirtí leasmhar faisnéis a chur isteach maidir leis an raon táirge laistigh de 10 lá tar éis fhoilsiú an fhógra tionscnaimh. Níor cuireadh aon iarraidh den sórt sin isteach faoin sprioc-am, agus níor cuireadh aon fhianaise ar fáil chun a léiriú gur cheart slata snáithithe i gcaighin boltaí daingnithe a theacht faoin tuairisc ar an táirge a leagtar amach sa ghearán. Dá bhrí sin, níor áiríodh na slata snáithithe sin i raon feidhme an imscrúdaithe, agus níor bailíodh aon fhaisnéis (lena n-áirítear méideanna agus praghsanna allmhairí ón tír lena mbaineann, sciartha den mhargadh, gach táscaire díobhála ábhartha eile, úsáid iartheachtach agus staid na n-úsáideoirí sin, etc.) ná ní dhearnadh anailís orthu maidir leo. Cé gur thagair an páirtí don imscrúdú maidir le saic agus málaí ([9]), i gcás inar áiríodh táirgí nár díríodh orthu ar dtús toisc gur chomhlíon siad an tuairisc ar an táirge, suíodh go raibh an cás seo difriúil. San imscrúdú reatha, níor chomhlíon na slata snáithithe i gcaighin boltaí daingnithe an tuairisc ar an táirge a soláthraíodh sa ghearán agus dá bhrí sin níor cumhdaíodh iad leis an imscrúdú seo. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí.

([5]) Comhad TRON uimh. t24.008386 an 09/10/2024.

([6]) Cód TARIC 7308 90 98 90 'Struchtúir (gan foirgnimh réamhdhéanta atá faoi cheannteideal 9406 a áireamh) agus codanna de struchtúir iarainn nó cruach (mar shampla, droichid agus codanna droichid, geataí loic, túir, crainn laitíse, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhframaí mar aon le tairseacha dorais, comhlaí, balastráidí, piléir, colúin); plátaí, *slata*, uillinneacha, cruthanna, cónaisc, feadáin agus a leithéid arna n-ullmhú lena n-úsáid i struchtúir iarainn nó chruach'.

([7]) Tagairt BTI: ESBTIESBTI2024SOL550, at https://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/ebti/ebti_home.jsp?Lang=en.

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1950/97 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 1997 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sac agus málaí déanta de phoileitiléin nó de pholapróipiléin de thionscnamh na hIndia, na hIndinéise agus na Téalainne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh (IO L 276, 9. 10. 97, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1950/oj) agus Rialachán (CE) Uimh. 2003/97 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1997 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe d'iarann nó de chruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 284, 16.10.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/2003/oj).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1950/97 ón gComhairle.

(34) D'iarr allmhaireoir (Kohlhage) ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar an idirdhealú idir táirgí éagsúla agus modhanna táirgthe, ag áitiú go dteastaíonn céimeanna breise le haghaidh táirgí áirithe, amhail sreang a tharraingt, fuarfhoirmiú an bholta, an bolta a shnáithiú go páirteach, gnéithe saincheaptha a mheaisíniú ar an mbolta, chomh maith le plátáil le hiarann since. Táirgtear na táirgí sin ar chostais i bhfad níos airde i gcomparáid leis na slata agus na stodaí snáithithe a ndearnadh imscrúdú orthu, d'ainneoin iad a bheith aicmithe faoin gcód custaim céanna. D'áitigh an t-allmhaireoir gur cheart táirgí den sórt sin a eisiamh ó raon feidhme an táirge, mhaígh sé nár sholáthair an Coimisiún ríomh comparáide ná fianaise ar dhumpáil le haghaidh na gcineálacha táirgí ar leith sin.

(35) Ós rud é gur féidir táirge a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as próisis mhonaraíochta éagsúla, níl sé ábhartha go bunúsach maidir le raon feidhme táirge atá faoi imscrúdú a shainiú. Sa chás sin, leagadh amach cheana féin sa ghearán bunaidh na céimeanna táirgthe breise a luaigh an t-allmhaireoir. Thairis sin, deimhníodh san imscrúdú go bhfuil saintréithe fisiceacha agus teicniúla comhchosúla, agus úsáidí deiridh bunúsacha, ag na táirgí allmhairithe. Tá gnéithe sonracha lena ndéantar idirdhealú idir na táirgí atá faoi imscrúdú (e.g. bratú agus éagsúlachtaí eile) curtha san áireamh cheana féin sna cineálacha táirgí arna dtuairisciú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, a ríomhtar corrlaigh dhumpála ina leith.

(36) Thairis sin, rinne an Coimisiún comparáid idir cineálacha táirgí ar leibhéal na huimhreach rialaithe táirge, lena n-áirítear na príomh-shaintréithe in aghaidh an chineáil táirge agus, dá bhrí sin, dhéanfadh sé idirdhealú idir difríochtaí atá ábhartha maidir le costas agus praghas na gcineálacha éagsúla táirgí.

(37) Dá bhrí sin, níl aon údar le cineálacha táirgí a tháirgtear ar chostais i bhfad níos airde a eisiamh ón imscrúdú. Dá réir sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(38) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh sa chás seo faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(39) Dá bhrí sin, deimhnítear torthaí sealadacha an Choimisiúin in aithrisí 32 go 44 den Rialachán sealadach.

3.1.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(40) In éagmais aon bharúla, deimhnítear na torthaí i Roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach.

3.1.2. *Tír ionadaíoch*

(41) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin shealadaigh, d'athdhearbhaigh grúpa Chinafar, Junyue, grúpa Brother agus EFDA a maímh gur cheart an Mhalaeisia a roghnú mar thír ionadaíoch in ionad na Téalainne, ag áitiú i) go raibh sonraí allmhairiúcháin na Malaeisia níos iontaofa ná sonraí allmhairiúcháin na Téalainne agus ii) go raibh na cuideachtaí Malaeisiacha sainaitheanta níos iontaofa agus níos ionadaíche i gcomparáid le cuideachtaí na Téalainne. Leagtar amach na maímh mhionsonraithe i ranna 3.1.3 go 3.1.8 thíos.

(42) D'áitigh grúpa Brother agus EFTA freisin, dá ndéanfadh an Coimisiún measúnú ar leibhéal chosaint an chomhshaoil, go léireodh sé sin nach raibh teist na Téalainne chomh fabhrach céanna le teist na Malaeisia.

(43) Ós rud é gur roghnaigh an Coimisiún an Téalainn mar an tír ionadaíoch iomchuí, ní raibh aon ghá measúnú den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(44) Ar bhonn an mhéid thuas, deimhnítear torthaí sealadacha an Choimisiúin in aithrisí 90 go 149.

3.1.3. *Amhábhair*

(45) Maidir le cáilíocht na sonraí allmhairiúcháin i leith na dtosca táirgeachta, rinne grúpa Chinafar, Junyue, grúpa Brother agus EFDA arís na hargóintí céanna a cuireadh isteach tar éis fhoilsiú an dá nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh, agus d'áitigh siad nach raibh cáilíocht na sonraí allmhairiúcháin atá ar fáil go héasca in aghaidh an chóid CC don Téalainn ar cháilíocht níos airde ná mar a bhí i gcás na Malaeisia agus gur cheart an Mhalaeisia a roghnú mar thír ionadaíoch ina ionad sin. Níor thug na páirtithe fianaise nua ná argóintí chun cinn chun tacú lena maímh agus dá bhrí sin deimhníodh na cúiseanna agus na conclúidí in aithrisí 97 go 145 den Rialachán sealadach agus diúltaíodh do na haighneachtaí.

(46) D'áitigh grúpa Brother agus Junyue nár cheart an tír ionadaíoch a roghnú ar an mbonn gurb í an tír allmhairiúcháin is mó í de na príomhthosca táirgeachta i dtéarmaí cainníochta i measc na dtíortha uile a d'fhéadfadh a bheith ann.

(47) Bhunaigh an Coimisiún a rogha maidir leis an tír ionadaíoch ar mheasúnú cothrom ar shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca a bheith ann le haghaidh na bpríomh-amhábhar, rud a leagadh amach in aithrisí 106 go 109 den Rialachán sealadach. Níor bhreithnigh an Coimisiún dearbhmhéid na n-allmhairí amháin, ach bhreithnigh sé freisin na hallmhairí ón tSín agus ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus a dtionchar ar an meánphraghas allmhairiúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(48) Thairis sin, d'áitigh grúpa Brother gur cé go raibh praghas allmhairiúcháin amhábhar ó fhoinsí eile isteach i dtír cosúil leis an bpraghas allmhairiúcháin ón tSín, ní fianaise dhochloíte í inti féin go bhfuil tionchar ag allmhairí Síneacha ar an bpraghas sin. Ós rud é gur ábhair chruach tráchtearraí iad na tosca táirgeachta sin go léir a thrádáiltear go forleathan ar an margadh domhanda, is gnách go mbíonn na praghsanna allmhairiúcháin isteach i dtíortha nó i réigiúin éagsúla comhchosúil agus inchomparáide.

(49) Chun tionchar an tsaofa shuntasaigh ón tSín i dtír ionadaíoch ionchasach a sheachaint, bhreithnigh an Coimisiún na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag allmhairí Síneacha isteach sa tír ionadaíoch ionchasach. Ceann de na gnéithe a chuirtear san áireamh is ea cosúlacht na bpraghsanna allmhairiúcháin ó fhoinsí eile seachas an tSín. Mar sin féin, ní critéar neamhspleách é sin ach ní mór é a fheiceáil in éineacht le fíorais eile uile an cháis. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(50) Tar éis an nochta chinntithigh, d'athdhearbhaigh grúpa Brother agus Junyue go raibh rogha an Choimisiúin maidir leis an tír ionadaíoch bunaithe ar léamh roghnaitheach ar na staitisticí allmhairiúcháin agus ar róspleáchas ar critéar mhéid na n-allmhairí. Tugadh aghaidh ar an maíomh sin cheana féin sna haithrisí 47 – 49 thuas agus níor cuireadh aon argóint ná fianaise nua isteach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(51) Mhaígh grúpa Chinafar gur cheart an toisc tháirgeachta a allmhairítear faoi chód CC 7213 91 a bheith ar an bpríomhbhreithniú agus an tír ionadaíoch á roghnú, ós rud é gurbh é sin an príomh-amhábhar a úsáideadh i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú. D'áitigh grúpa Chinafar gur cheart an Mhalaeisia a úsáid mar an tír ionadaíoch, ós rud é go raibh allmhairí ón tSín faoi chód CC 7213 91 i gceist le 30 % d'allmhairí iomlán na Téalainn i gcás na tosca táirgeachta sin agus ní raibh ach 9 % d'allmhairí iomlána na Malaeisia i gceist leo.

(52) Mar a luaitear in aithris 126 den Rialachán sealadach, maidir le cód CC 7213 91, ba shuntasach iomlán na n-allmhairí ó fhoinsí neamhshaofa i ngach ceann de na trí thír a roghnaíodh ar dtús, agus is ag an Téalainn a bhí na cainníochtaí is airde allmhairí i ndearbhthéarmaí ó thíortha seachas an tSín agus na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755. Maidir leis an gcód CC sin, bhí an meánphraghas allmhairiúcháin ó fhoinsí eile sa Téalainn agus sa Tuirc araon thart ar 2 % níos airde ná an praghas allmhairiúcháin ón tSín agus ó na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755, agus bhí an meánphraghas allmhairiúcháin ó fhoinsí eile isteach sa Mhalaeisia 5 % níos ísle ná an praghas ón tSín agus ó na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755.

([10]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj).

(53) Bunaithe ar mhéid suntasach na n-allmhairí ó fhoinsí neamhshaofa agus ar thionchar teoranta na n-allmhairí ón tSín agus ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ar an meánphraghas allmhairiúcháin, mheas an Coimisiún gur tagarmharc iontaofa agus ionadaíoch í an Téalainn don toisc tháirgeachta sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(54) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin shealadaigh, d'athdhearbhaigh grúpa Chinafar, Junyue, grúpa Brother agus EFDA a maímh, dá gcoinneofaí an Téalainn mar thír ionadaíoch, gur cheart an Mhalaeisia a úsáid mar thír thagarmhairc le haghaidh cuid de na hamhábhair agus in aon chás gur cheart na hallmhairí arna bhfoinsiú ag an tSeapáin chuig an Téalainn a eisiamh toisc gurb éard atá iontu táirgí speisialta de ghrád mótarfheithiclí nach bhfuil ionadaíoch do ríomh ghnáthluach an táirge faoi imscrúdú.

(55) Mhaígh grúpa Brother agus EFDA nach raibh praghsanna allmhairiúcháin na dtosca táirgeachta is féidir a aicmiú faoi chóid CC 7213 99 agus 7214 99 chuig an Téalainn iontaofa, mar gheall ar an gcion ard agus na hallmhairí ar phraghas ard ón tSeapáin, agus dá bhrí sin gur cheart an Mhalaeisia, nó an Tuirc de rogha air sin, a úsáid mar thír thagarmhairc. D'áitigh grúpa Brother freisin go raibh an praghas allmhairiúcháin le haghaidh chód CC 7213 99 i bhfad níos airde ná praghas CC 7213 91, d'ainneoin nach raibh an dá thoisc táirgeachta éagsúil ach amháin le haghaidh thrastomhas trasghearrtha na slat, agus go raibh siad i bhfad níos airde ná an praghas allmhairiúcháin le haghaidh chód CC 7227 90, ar cruach chóimhiotail é. Bunaithe ar eolas tionsclaíoch coiteann, de ghnáth bheadh cruach chóimhiotail níos costasaí ná cruach neamh-chóimhiotail. Tháinig grúpa Brother agus EFDA ar chonclúidí comhchosúla maidir le cód CC 7214 99 i gcomparáid le cód CC 7228 30.

(56) Ar an gcéad dul síos, mhínigh an Coimisiún cheana féin in aithrisí 132 go 134 den Rialachán sealadach an fáth nár mheas sé gurbh iomchuí allmhairí arna bhfoinsiú ag an tSeapáin a eisiamh ó ríomh an tagarmhairc. Fiú más rud é go bhféadfadh sé nár tháirg nó nár dhíol roinnt de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte scriúnna de ghrád speisialta, dheimhnigh an Coimisiún a chinneadh sealadach nár thug aon cheann de na páirtithe fianaise ar scála allmhairí Seapánacha go dtí an Téalainn i gcás amhábhair atá beartaithe chun scriúnna neamhchaighdeánacha a tháirgeadh le haghaidh earnálacha speisialaithe, rud a thabharfadh údar leis na hallmhairí sin a eisiamh ó na tagarmharcanna amhábhar.

(57) Ar an dara dul síos, thug an Coimisiún dá aire nach bhféadfaí a mheas go bhfuil praghsanna idir cóid CC éagsúla inchomparáide go díreach mar gheall ar an meascán táirgí laistigh de na cóid sin. Mar shampla, ní raibh an difríocht sa phraghas allmhairiúcháin idir cóid CC 7213 91 agus 7213 99 teoranta don trastomhas trasghearrtha ach bhí sí inchurtha freisin i leith cion carbóin níos airde agus láithreacht eilimintí cóimhiotalaithe i gcód CC 7213 99.

(58) Ós rud é go raibh roinnt amhábhar de ghrád níos fearr agus, dá bhrí sin, níos costasaí faoi chód custaim, níor leor é sin chun amhras a chaitheamh ar iontaofacht an tagarmhairc.

(59) Tar éis an nochta chinntithigh, d'athdhearbhaigh grúpa Brother, Junyue agus EFDA go raibh tionchar ag praghsanna arda na n-allmhairí ón tSeapáin go dtí an Téalainn ar na tagarmharcanna d'amhábhair chruach áirithe a bhí beartaithe chun scriúnna de ghrád speisialta neamhchaighdeánach a tháirgeadh d'earnálacha speisialaithe.

(60) D'áitigh siad gur comhthacaíodh é sin leis na staitisticí a nocht an Coimisiún féin, a léirigh go raibh leibhéil praghsanna i bhfad níos airde ag sciar suntasach de na hamhábhair sin de thionscnamh na Seapáine ná na praghsanna ó thíortha eile, agus mar gheall ar láithreacht shuntasach monaróirí ceanglóirí atá faoi úinéireacht na Seapáine sa Téalainn.

(61) D'áitigh grúpa Brother freisin nár theastaigh na hamhábhair thar a bheith costasach sin ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge faoi imscrúdú sa tSín toisc nach raibh feidhmeanna ardleibhéil á soláthar acu go sonrach, amhail iad siúd i dtionscal na ngluaisteán nó san earnáil ola agus gáis.

(62) Leag an Coimisiún amach cheana in aithrisí 132 go 134 den Rialachán sealadach na cúiseanna ar chinn sé allmhairí Seapánacha a áireamh i ríomh na dtagarmharcanna amhábhar agus níor tugadh aon argóint ná fianaise nua chun cinn ina leith sin. Go deimhin, chinn an Coimisiún go bhféadfaí scriúnna caighdeánacha agus scriúnna de ghrád speisialta araon a úsáid in earnálacha speisialaithe, go háirithe in earnáil na ngluaisteán, agus in aon chás chumhdaigh an t-imscrúdú scriúnna caighdeánacha agus neamhchaighdeánacha araon. Thairis sin, cé go raibh staitisticí maidir le hallmhairí foriomlána ón tSeapáin ar fáil, níor cuireadh aon fhianaise shubstainteach isteach maidir le cruach de ghrád speisialaithe a bheith ann go sonrach i scriúnna caighdeánacha nó neamhchaighdeánacha.

(63) Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh ceanglóirí don earnáil mótarfheithiclí á dtáirgeadh ag roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha a chuir a gceadúnas gnó agus a nAirteagal Comhlachais isteach laistigh dá raon feidhme gnó. Ar an gcaoi chéanna, i measc na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, táirgeadh slata snáithithe ardnirt d'earnálacha speisialaithe, amhail páirceanna ola agus píblínte ola amach ón gcósta, trealamh agus cothabháil long, agus innealtóireacht tógála.

(64) Chuir grúpa Brother i gcoinne mhaíomh an Choimisiún nach raibh an difríocht sa phraghas allmhairiúcháin idir cóid CC 7213 91 agus 7213 99 teoranta don trastomhas trasghearrtha ach bhí sí inchurtha freisin i leith cion carbóin níos airde agus láithreacht eilimintí cóimhiotalaithe i gcód CC 7213 99.

(65) D'áitigh grúpa Brother dá mba rud é gurbh ann don chion carbóin líomhnaithe nó do na heilimintí cóimhiotalaithe líomhnaithe agus gurbh iad ba chúis leis an bpraghas i bhfad níos airde an mheascáin táirgí faoi 7213 99, go bhfágfadh sé sin amháin nach mbeadh an meascán táirgí ionadaíoch ar an gcineál ábhair a d'úsáid táirgeoirí na Síne de ghnáth.

(152) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha lena dhéanamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(153) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(154) Táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) nach bhfuil gaol aige le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó chuaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe déanamh amhlaidh i gcainníochtaí substaintiúla.

8.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(155) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a cinneadh agus an leibhéil díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán seo.

8.3. **Cúlghabhálacht**

(156) Mar a luaitear i roinn 1.2, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe.

(157) Le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe, rinneadh na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs an chláraithe a mheasúnú. Rinne an Coimisiún anailís lena fháil amach ar comhlíonadh na critéir faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha.

(158) Leagtar amach in Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán na ceithre chritéar charnacha maidir le cé acu is féidir nó nach féidir dleachtanna a bhailiú le linn na tréimhse clárúcháin.

(159) Comhlíontar an coinníoll in Airteagal 10(4)(a) den bhun-Rialachán toisc gur cláraíodh allmhairí de bhun an Rialacháin maidir le clárú, agus ansin i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

(160) Tugadh deis do na hallmhaireoirí barúil a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 10(4)(b) den bhun-Rialachán tar éis fhoilsiú an Rialacháin maidir le clárú chomh maith le foilsiú an Rialacháin shealadaigh.

(161) Níor chuir aon pháirtí leasmhar in iúl go raibh siad i gcoinne an chláraithe. Fuarthas barúlacha ó EFDA agus EIFI, áfach, maidir le forchur cúlghabhálach féideartha dleachtanna. Chuir EIFI in iúl go n-aontaíonn sé le dleachtanna a bhailiú le linn na tréimhse clárúcháin.

(162) De bhun Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán, is gá 'stair dhumpála i gcaitheamh tréimhse fhada a bheith ann, nó bhí an t-allmhaireoir ar an eolas faoin dumpáil a mhéid a bhaineann le méid na dumpála agus na díobhála a líomhnaíodh nó a suíodh, nó ba cheart dó a bheith ar an eolas faoi'. Sa chás seo, mheas an Coimisiún go raibh na hallmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoin dumpáil, a mhéid a bhaineann le méid na dumpála agus na díobhála a líomhnaítear nó a suíodh ó dháta tionscnaimh an imscrúdaithe.

(163) Go deimhin, bhí roinnt ráiteas agus míreanna fianaise san fhógra tionscnaimh agus sa leagan neamhrúnda den ghearán a thacaigh leis an méid ab ann don dumpáil agus don díobháil líomhnaithe agus a shonraigh é, mar shampla i Ranna 3 agus 4 den fhógra tionscnaimh, agus i Ranna B agus C.5 den leagan neamhrúnda den ghearán. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh na hallmhaireoirí agus na húsáideoirí ar an eolas faoi na cleachtais dumpála líomhnaithe, faoi mhéid na dumpála sin agus faoin díobháil líomhnaithe, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas fúthu.

(164) D'áitigh EFDA, áfach, nach raibh aon bhunús stairiúil ag allmhaireoirí an Aontais chun bearta frithdhumpála i gcoinne scriúnna gan cheann a réamh-mheas, toisc gur gnách go n-éilíonn na hearraí atá i gceist aga tionscanta suas le 6 mhí chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh agus a sheachadadh. Mar shampla, ordaíodh allmhairí a tháinig isteach san Eoraip idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2025 chomh luath le mí Iúil 2024, sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Thug an Coimisiún faoi deara nár dheimhnigh aon fhianaise chuí-réasúnaithe i gcomhad an imscrúdaithe seo aga tionscanta suas le 6 mhí le haghaidh allmhairí den sórt sin, rud a fhágann go bhfuil an argóint amhantrach agus nach dtacaíonn sonraí fíorasacha léi. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

(165) Thairis sin, de bhun Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán, is gá 'ardú mór breise ar allmhairí a bheith ann i dteannta leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin', ardú is dócha a bhainfidh an bonn go tromchúiseach d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna cinntitheacha i bhfianaise uainiú agus mhéid na n-allmhairí sin agus imthosca eile.

(166) Léiríodh in anailís an Choimisiúin gur tháinig méadú suntasach ar allmhairí sa bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar a leagtar síos in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán.

(167) I gcás na hanailíse sin, rinne an Coimisiún comparáid idir meánmhéideanna míosúla allmhairí an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus na meánmhéideanna míosúla allmhairí agus meánphraghsanna tar éis an tionscnaimh (le linn na tréimhse ó Samhain 2024 go Meitheamh 2025), agus idirdhealú á dhéanamh idir (i) an chéad mhí iomlán tar éis thionscnamh an imscrúdaithe suas go dtí an mhí iomlán dheireanach nuair a rinneadh an clárú (Samhain 2024 go Eanáir 2025) agus (ii) an chéad mhí iomlán tar éis thionscnamh an imscrúdaithe suas go dtí an mhí iomlán dheireanach nuair a glacadh bearta sealadacha (Samhain 2024 go Meitheamh 2025).

Tábla 1

Allmhairí scriúnna gan cheann ón tSín

	Meántonaí in aghaidh na míosa	An meánphraghas (EUR/tona)
An tréimhse imscrúdúcháin (Iúil 2023 go dtí Meitheamh 2024)	9 360	1 213
An tréimhse imscrúdúcháin (Samhain 2023 go dtí Eanáir 2024)	8 768	1 141
An tréimhse imscrúdúcháin (Samhain 2023 go dtí Meitheamh 2024)	8 978	1 199
An tréimhse imscrúdúcháin (Feabhra go dtí Meitheamh 2024)	9 105	1 233
Tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin (Samhain 2024 go dtí Eanáir 2025)	13 458	1 109
Tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin (Samhain 2024 go dtí Meitheamh 2025)	13 427	1 104
An tréimhse iar-imscrúdúcháin (Feabhra go dtí Meitheamh 2025)	13 408	1 101

Foinse: Bunachar sonraí Surveillance 3 (*)
(*) Asbhaint an 7.7.2025.

(168) Ba é 9 360 tona meánmhéid míosúil na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ba é 13 458 dtona meánmhéid míosúil na n-allmhairí ón tSín sa tréimhse dar tús an chéad mhí iomlán tar éis fhoilsiú an fhógra tionscnaimh maidir leis an imscrúdú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus dar críoch an mhí iomlán dheireanach suas go dtí an mhí iomlán dheireanach inar tharla an clárú (Samhain 2024 go dtí Eanáir 2025), méid a bhí 44 % níos airde ná mar a bhí sa tréimhse imscrúdúcháin. Agus na hallmhairí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin á gcur i gcomparáid leis na míonna céanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin (i.e. Samhain 2023 go dtí Eanáir 2024, le meánmhéid allmhairí míosúil 8 768 dtona), chun aon difríocht sa tséasúracht a sheachaint, tá an t-athrú ar an meán míosúil níos airde fós, is é sin méadú 53 %.

(169) Is féidir an treocht chéanna a shonrú agus na hallmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin á gcur i gcomparáid leis an tréimhse tar éis thionscnamh an cháis suas go dtí an mhí iomlán dheireanach nuair a glacadh bearta sealadacha.

(170) Ba é 13 427 dtona meánmhéid míosúil na n-allmhairí ón tSín sa tréimhse dar tús an chéad mhí iomlán tar éis fhoilsiú an fhógra tionscnaimh maidir leis an imscrúdú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus dar críoch an mhí iomlán dheireanach roimh fhorchur na mbeart sealadach (Samhain 2024 go Meitheamh 2025), 43 % níos airde ná mar a bhí sa tréimhse imscrúdúcháin. Agus na hallmhairí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin á gcur i gcomparáid leis na míonna céanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin (i.e. Samhain 2023 go Meitheamh 2024, le meánmhéid míosúil allmhairí 8 978 dtona), is é 50 % an méadú ar an meán míosúil.

(171) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh méadú suntasach ar mhéideanna na n-allmhairí tar éis an tionscnaimh.

(172) D'áitigh EFDA go bhfuil an méadú breathnaithe ar mhéideanna allmhairí le linn mhíonna tosaigh 2025, go háirithe i mí Eanáir agus i mí Feabhra, ag teacht le gnáthphatrúin shéasúracha sa tionscal, ós rud é gur gnách go laghdaíonn cuideachtaí leibhéil stoic i mí na Samhna agus i mí na Nollag le haghaidh bainistíocht fardail ag deireadh na bliana agus go ndéanann siad soláthairtí a athshlánú ina dhiaidh sin sna chéad mhíonna den bhliain Ní bhaineann an luaineacht sin leis an imscrúdú frithdhumpála agus ina ionad sin léiríonn sí gnáthiompraíocht an mhargaidh. Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint, áfach, ós rud é go ndearna sé comparáid freisin idir tréimhsí comhionanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ina diaidh, go háirithe na míonna tosaigh de gach bliain agus dá bhrí sin léiríodh na héifeachtaí séasúracha sa chomparáid de ghnáth.

(173) D'áitigh EFDA go raibh méideanna allmhairí thar a bheith íseal sa tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar róstocáil iar-phaindéime i dtrádstórais an Aontais, rud a spreagadh mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair agus lastais mhoillithe as ar eascair stoc-charnadh. Léiríonn an méadú ina dhiaidh sin ar allmhairí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin ceartú margaidh de réir mar a fhilleann fardail ar leibhéil thipiciúla, seachas treocht neamhghnách. Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint, ós rud é, mar a tugadh faoi deara in aithris 212 den rialachán sealadach, gur tháinig méadú ar mhéideanna na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i ndáil le 2023 d'ainneoin go raibh an t-éileamh san Aontas fós íseal le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(174) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire gur tháinig laghdú ar mheánphraghas na n-allmhairí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe. Agus comparáid á déanamh idir (i) an chéad mhí iomlán tar éis thionscnamh an imscrúdaithe suas go dtí an mhí iomlán dheireanach nuair a rinneadh an clárú agus an meánphraghas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, léirítear laghdú 8,6 % ar an bpraghas ó 1 213 EUR/tona go 1 109 EUR/tona, agus nuair a dhéantar comparáid idir (ii) an chéad mhí iomlán tar éis thionscnamh an imscrúdaithe suas go dtí an mhí iomlán dheireanach nuair a glacadh bearta sealadacha leis an meánphraghas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, faightear laghdú 9 % ar an bpraghas (ó 1 213 EUR/tona go 1 104 EUR/tona).

(175) I bhfianaise a bhfuil thuas, d'fhéadfadh an Coimisiún teacht ar an gconclúid gur dócha go mbainfeadh ardú na n-allmhairí an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála cinntithí atá le cur i bhfeidhm, de réir bhrí Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán.

(176) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar na coinníollacha uile maidir le bailiú cúlghabhálach. Dá bhrí sin, ba cheart dleacht frithdhumpála chinntitheach a thobhach ar an táirge lena mbaineann, a cuireadh faoi réir a chláraithe le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/141.

(177) Ba cheart leibhéal na dleachta atá le bailiú go haisghníomhach a shocrú ar leibhéal na dleachta cinntithí a áirítear in Airteagal 1(2) thíos.

(178) Tar éis an nochta chinntithigh, rinne EFDA, le tacaíocht ó Junyue agus grúpa Chinafar, agóid i gcoinne chur i bhfeidhm cúlghabhálach na ndleachtanna faoi Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán, agus d'áitigh sé nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le forchur cúlghabhálach toisc nach raibh aon fhianaise ar dhumpáil leanúnach thar thréimhse fhada don táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, ní raibh allmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil líomhnaithe ná faoi mhéid na díobhála a maíodh, go háirithe i bhfianaise eisiamh sainráite an táirge ón imscrúdú frithdhumpála roimhe sin maidir le ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach ([19]).

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/191/oj).

(179) Chuir EFDA i dtábhacht gur fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') iad formhór na n-allmhaireoirí agus go bhfuil acmhainneacht theoranta acu measúnú neamhspleách a dhéanamh ar rioscaí dumpála. Is iondúil go n-oibríonn na heintitis sin ar an toimhde go ndéantar táirgí allmhairithe a phraghsáil go cothrom, agus bheadh sé míréasúnta a bheith ag súil go ndéanfadh FBManna bearta réamhchúraim go réamhghníomhach in aghaidh dumpála i gcás táirgí nach raibh faoi réir grinnscrúdú frithdhumpála roimhe sin, ach oiread le pionós a ghearradh orthu. Ba é ba chúis leis an mborradh faoi allmhairí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe go príomha agaí tionscanta an tslabhra soláthair, a mhair suas le hocht mí idir eisiúint agus imréiteach custaim an ordaithe, seachas imchéimniú d'aon ghnó. Dá bhrí sin, mhaígh siad gur ordaíodh allmhairí chuig an Aontas idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2025 chomh luath leis an tréimhse ó mhí na Bealtaine go mí Iúil 2024. Thug siad dá n-aire gur cheart na hagaí tionscanta a chur san áireamh agus anailís á déanamh ar an ngá atá le cur i bhfeidhm cúlghabhálach dleachtanna in imscrúduithe eile ([20]).

(180) Chuir EFDA i dtábhacht freisin gur thosaigh méideanna allmhairí an táirge faoi imscrúdú ag laghdú ó mhí Feabhra 2025, rud a léiríonn go rabhthas ag filleadh ar shreafaí trádála normalaithe. Chomh maith leis sin, tá méadú seasta tagtha ar phraghsanna allmhairiúcháin, rud a léiríonn go bhfuil dálaí an mhargaidh á n-athchoigeartú go nádúrtha. D'áitigh siad gur bhain na forbairtí sin an bonn cirt le dleachtanna cúlghabhálacha a thuilleadh.

(181) Chuir EIFI i gcoinne éileamh na n-agaí tionscanta 6 mhí idir socrúchán orduithe agus imréiteach custaim, agus chuir sé faisnéis ar fáil le haghaidh agaí tionscanta níos giorra in 2024. D'áitigh sé gur fhág an bhearna 153 lá idir tionscnamh an imscrúdaithe (17 Deireadh Fómhair 2024) agus tús chur i bhfeidhm cúlghabhálach na dleachta frithdhumpála (19 Márta 2025) gur cuireadh orduithe le haghaidh allmhairí atá faoi réir dleachtanna isteach tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, nuair a bhí allmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil agus faoin díobháil líomhnaithe. Chuir EIFI i dtábhacht gur léirigh an treocht in allmhairí méadú géar ar allmhairí scriúnna gan cheann ón tSín ag tosú i mí Iúil 2024 (12 694 – 22 584 thona/mí), i gcomparáid leis na leibhéil roimh mhí Iúil 2023 (6 510 tona –11 449 dtona in aghaidh na míosa). Léirigh an treocht sin feasacht ar an margadh maidir leis an ngearán frithdhumpála a bhí ar tí tarlú, agus tús-ualú á dhéanamh ag allmhaireoirí ar lastais chun dleachtanna a sheachaint. Dhearbhaigh EIFI freisin gur ghlac allmhaireoirí go feasach leis an riosca go mbeadh dleachtanna cúlghabhálacha ann d'ainneoin na feasachta sin agus go bhféachann siad anois le dliteanas a sheachaint trí agaí tionscanta amhantracha a lua.

(182) Chuir EIFI i gcoinne na maíomh freisin gur léirigh an borradh faoi allmhairí ón tSín in 2024-2025 coigeartuithe stoic tar éis na paindéime nó patrúin shéasúracha, agus d'áitigh sé go raibh sé ann toisc go raibh coinne ann sa mhargadh leis an ngearán frithdhumpála. Chuir an méadú 109 % bliain ar bhliain sa chéad ráithe de 2025 agus laghdú marthanach ar phraghsanna (EUR 1 302/tona in 2023 go EUR 1 093/tona faoi lár 2025) in aghaidh dearbhuithe maidir le hiompraíocht shealadach nó thimthriallach. Chuir EIFI i dtábhacht go raibh baint ag na treochtaí borrtha agus praghsála leis an imscrúdú a bhí ar na bacáin, rud a chuir mínithe malartacha ó bhailíocht agus a leag béim ar an ngá atá le dleachtanna cúlghabhálacha chun aghaidh a thabhairt ar allmhairí creachacha.

(183) Mheabhraigh an Coimisiún go dtagraítear in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán do 'allmhairí' seachas do 'orduithe' ar dócha go mbainfidh siad an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála cinntithí atá le cur i bhfeidhm. Ní mór measúnú a dhéanamh ar na hallmhairí sin maidir lena n-uainiú, lena méid agus lena n-acmhainneacht an bhonn a bhaint d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna frithdhumpála. Tá Airteagal 10(4)(c) ag brath ar fheasacht an allmhaireora ar dhumpáil, ach cuireann sé i dtábhacht go láidir nach bhfuil dleachtanna cúlghabhálacha pionósach. Ina ionad sin, is é is cuspóir dóibh éifeachtacht na mbeart frithdhumpála a chaomhnú trí aghaidh a thabhairt ar allmhairí a bhfuil an baol ann ina leith go mbainfidís, i dteannta a chéile, an bonn de thionchar feabhais na mbeart. Tugtar tús áite sa mheasúnú faoi Airteagal 10(4)(d) d'éifeacht oibiachtúil mhéideanna na n-allmhairí agus dhinimic an mhargaidh ar rúin shuibiachtúla nó agaí tionscanta de chuid allmhaireoirí aonair ([21]).

(184) San imscrúdú reatha, d'admhaigh an Coimisiún go bhféadfadh roinnt míonna a bheith caite idir an t-ordú agus an dáta allmhairithe. Rinne sé athbhreithniú ar an bhfianaise a chuir na páirtithe isteach maidir le hagaí tionscanta sa slabhra soláthair le haghaidh an táirge faoi imscrúdú ach dhiúltaigh sé den chuid is mó di mar fhianaise atá gan bhunús nó atá neamhiomlán. I measc na bpríomheaspaí bhí orduithe in easnamh agus/nó sonraisc chomhfhreagracha agus doiciméadacht chustaim ina dhiaidh sin i gcásanna áirithe. Ina theannta sin, níor chomhoibrigh roinnt allmhaireoirí faisnéis ar fáil leis an imscrúdú seo, rud a d'fhág nach eol a méideanna iomlána allmhairí chuig an Aontas. Dá bhrí sin, an fhaisnéis a chuir na hallmhaireoirí comhoibríocha isteach, bhain sí le níos lú ná 5 % d'allmhairí iomlána an táirge faoi imscrúdú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, chomh maith le bheith neamhábhartha go bunúsach i bhfianaise na bprionsabal a thugtar chun cuimhne in aithris 183, níor mheas an Coimisiún go raibh na sonraí sách ionadaíoch chun glacadh leis go raibh gach allmhaireoir eile sa chás céanna.

([20]) E.g. i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/45 ón gCoimisiún an 8 Eanáir 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin (IO L, 2025/45, 9.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/45/oj).

([21]) Maidir leis an bpointe sin, tagraíonn an Coimisiún do Bhreithiúnas an 8 Bealtaine 2019, Stemcor London Ltd agus Samac Steel Supplies Ltd v an Coimisiún Eorpach, Cás T-749/16, ECLI:EU:T:2019:310,

(185) I bhfianaise anailís an Choimisiúin ar mhéadú suntasach ar allmhairí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, mheas sé, cé go bhféadfadh cuid de na seachadtaí ó mhí na Samhna 2024 go mí Feabhra 2025 a bheith ann i bpáirt mar gheall ar orduithe réamh-imscrúdaithe a rinneadh roimh mhí Dheireadh Fómhair 2024, nár leor an míniú sin chun an borradh leanúnach faoi allmhairí a mhíniú, borradh a raibh méadú 47 % ó mhí Feabhra go mí an Mheithimh 2025 i gceist leis le hais na tréimhse céanna in 2024. Ina theannta sin, thug an Coimisiún laghdú 11 % faoi deara ar mheánphraghas allmhairiúcháin an táirge le linn na tréimhse ó mhí Feabhra go mí an Mheithimh 2025 i gcomparáid leis an tréimhse ó mhí Feabhra go mí an Mheithimh 2024, treocht atá ar neamhréir le dearbhú EFDA maidir le normalú margaidh. Leis an laghdú sin ar phraghsanna, mar aon leis an mborradh faoi mhéideanna allmhairí, baineadh an bonn go díreach d'argóint na bpáirtithe gur tháinig athrú nádúrtha ar shreafaí trádála tar éis mhí Feabhra 2025.

(186) Thairis sin, cinneadh go raibh maíomh EFDA gur ordaíodh allmhairí chuig an Aontas sa tréimhse ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2025 chomh luath le mí na Bealtaine go mí Iúil 2024 mícheart tar éis anailís a dhéanamh ar an meánphraghas allmhairiúcháin. Dá mbeadh an maíomh cruinn, ba cheart an meánphraghas allmhairiúcháin sa tréimhse ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2025 (EUR 1 057/tona) a bheith ailínithe le raon praghsanna sa tréimhse ó mhí na Bealtaine go mí Iúil 2024 (EUR 1 218/tona) nó níos luaithe, ach bhí sé 13 % níos ísle ina ionad sin.

(187) Dhiúltaigh an Coimisiún d'argóint na bpáirtithe maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú a eisiamh ón imscrúdú frithdhumpála roimhe seo maidir le ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach, rud nach mbaineann leis na himeachtaí reatha. Faoi chleachtas seanbhunaithe agus Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán, tá gach imscrúdú teoranta don raon táirgí a shainítear sa ghearán. Níor bhréagnaigh easpa scriúnna nó boltaí sa ghearán roimhe seo bailíocht an imscrúdaithe reatha, toisc go gcinntear raon feidhme aon imeachta leis na líomhaintí sonracha agus leis an bhfianaise shonrach a chuirtear i láthair sa ghearán atá i gceist amháin. Thairis sin, chuir an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil na tionscail a tháirgeann scriúnna gan cheann agus iad siúd a tháirgeann ceanglóirí eile iarainn nó cruach éagsúil ó thaobh próisis táirgthe, feidhmeanna margaidh, agus díobhála de. Dá bhrí sin, níor cheart do na páirtithe a bheith ag brath ar eisiamh a tharla roimhe seo toisc gur chónaidhmigh siad imscrúduithe neamhghaolmhara le raonta táirgí difriúla. Dá réir sin, diúltaíodh don argóint sin toisc nach raibh bunús leis go fíorasach ná go dlíthiúil.

(188) I bhfianaise an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil údar le cur i bhfeidhm cúlghabhálach na ndleachtanna, toisc gur léirigh an fhianaise nach bhféadfaí an borradh faoi allmhairí agus uainiú na seachadtaí a réiteach le hagaí tionscanta agus gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le forchur cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán.

(189) De bhun Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán, toibhítear cur i bhfeidhm cúlghabhálach na dleachta ón 19 Márta 2025.

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(190) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(191) Na bearta dá bhforáiltear sa rialachán seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scriúnna agus boltaí, bíodh a gcuid cnónna agus leicneán leo nó ná bíodh, gan cheann orthu, iad déanta as iarann nó as cruach seachas cruach dhosmálta, gan beann ar a neart teanntachta, seachas scriúnna cóiste agus scriúnna adhmaid eile, scriúchrúcaí agus scriúfháinní, scriúnna féintapála, agus scriúnna agus boltaí chun ábhar tógála iarnróid a fheistiú, atá aicmithe faoi láthair faoi chóid AC 7318 15 42 agus 7318 15 48 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

([22]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála cinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar na táirgí a bhfuil tuairisc orthu i mír 1 agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)	Cód breise TARIC
Zhejiang Junyue Standard Part Co., Ltd.	54,7	89ML
Grúpa Brother: — Jiaxing High-enter Fasteners Co., Ltd. — Zhejiang Morgan Brother Technology Co., Ltd. — Jiaxing Brother Standard Part Co., Ltd	57,1	89MM
Grúpa Chinafar: — Jiaxing Chinafar Standard Parts Co., Ltd. — Jiangsu Zhe Fasteners Co., Ltd.	72,3	89MN
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	59,8	Féach an Iarscríbhinn
Gach cuideachta eile	72,3	8 999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Deimhnímse, mise a bhfuil mo shíniú thíos, maidir leis na tonaí de scriúnna gan cheann a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh iad* i nDaon-Phoblacht na Síne. *Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo*.' Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Na méideanna a fhaightear tríd an dleacht frithdhumpála shealadach faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1189, baileofar go cinntitheach iad. Na méideanna arna n-urrú de bhreis ar an dleacht frithdhumpála, déanfar iad a scaoileadh.

Airteagal 3

Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scriúnna agus boltaí, bíodh a gcuid cnónna agus leicneán leo nó ná bíodh, gan cheann orthu, iad déanta as iarann nó as cruach seachas cruach dhosmálta, gan beann ar a neart teanntachta, seachas scriúnna cóiste agus scriúnna adhmaid eile, scriúchrúcaí agus scriúfháinní, scriúnna féintapála, agus scriúnna agus boltaí chun ábhar tógála iarnróid a fheistiú, atá aicmithe faoi láthair faoi chóid AC 7318 15 42 agus 7318 15 48 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, a cláraíodh faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/141 ag na rátaí a leagtar amach in Airteagal 1(2). Tá an dleacht infheidhme ón 19 Márta 2025.

Airteagal 4

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024);

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár sampláladh

Ainm	Cód breise TARIC
ANHUI GOODLINK FASTENER CO., Ltd.	89MO
CELO Suzhou Precision Fasteners Co., Ltd.	89MP
CHANGZHOU MIKI HARDWARE TECHNOLOGY CO., Ltd.	89MQ
Cixi Jinmao Fastener Co., Ltd.	89MR
Eagle Metalware Co., Ltd.	89MT
EVERGREEN (ZHEJIANG) INTELLIGENT MANUFACTURING CO., Ltd.	89MW
FASTWELL METAL PRODUCTS CO., Ltd.	89MX
HAI YAN MACHINERY CO., Ltd.	89MZ
Haining Xinxing Fasteners Co., Ltd.	89NB
Haining Zhongheng Metal Products Co., Ltd.	89NC
HAIYAN LONGCHENG STANDARD PARTS CO., Ltd.	89ND
HAIYAN BOLT CO., Ltd.	89NE
Haiyan C&F Fittings Co., Ltd.	89NF
Haiyan Jiamei Hardware Manufacturing and Tech. Co., Ltd.	89NG
HAIYAN JINNIU FASTENERS CO., Ltd.	89NH
HAIYAN LONGSHENG HARDWARE CO., Ltd.	89NI
Haiyan Wancheng Fasteners Co., Ltd.	89NJ
Haiyan Wandefu Precision Hardware Co., Ltd.	89NK
Haiyan Xingang Standard Parts Co., Ltd.	89NL
Haiyan Xinyuan Technology Co., Ltd.	89NN
Haiyan Xinyue Electrical Appliances Co., Ltd.	89NO
HAIYAN YINGJIE FASTENER CO., Ltd.	89NP
Haiyan Yuanzhong Hardware Co., Ltd.	89NR
Handan Changfa Fastener Manufacturing Co., Ltd.	89NS
Handan City Daoning Fastener Manufacturing Co., Ltd.	89NT
Handan Haosheng Fastener Co., Ltd.	89NV
HANDAN MINGXIN METAL PRODUCTS CO., Ltd.	89NX
HANDAN TONGHE FASTENER MANUFACTURE CO., Ltd.	89NY
Handan Xiaojun Fastener Manufacturing Co., Ltd.	89NZ
Handan Xingbang Fastener Co., Ltd.	89OA
Handan Yaofeng Fastener Manufacturing Co., Ltd.	89OB
Handan Yongnian Hongji Machinery Parts Co., Ltd.	89OC
Handan Zhonglong Fastener Manufacturing Co., Ltd.	89OD
Hebei Chengyi Engineering Materials Co., Ltd.	89OE
Hebei Fuao Fastener Manufacturing Co., Ltd	89OF
Hebei Goodfix Industrial Co., Ltd.	89OG

Ainm	Cód breise TARIC
HEBEI YUETONG FASTENERS MANUFACTURING CO., Ltd.	89OI
Jiangsu Hengyue Hardware Co., Ltd.	89OJ
JIANGSU LIRUNYOU MACHINERY TECHNOLOGY CO., Ltd.	89OK
JIASHAN SANXIN FASTENER Co., Ltd.	89OM
Jiashan Tianyang Fastener Co., Ltd	89ON
JIASHAN WEIJIE HARDWARE CO., Ltd.	89OO
Jiaxing Aerotec Precision Co., Ltd.	89OP
JIAXING BROTHER UNITED FASTENER CO., Ltd.	89OQ
JIAXING CHUANGLI HARDWARE CO., Ltd.	89OR
JIAXING EXCELLENT FASTENER CO., Ltd.	89OS
JIAXING GOOD METAL TECHNOLOGY CO., Ltd.	89OT
JIAXING HONGJIAN TECHNOLOGY CO., Ltd.	89OU
JIAXING JIAWEI MACHINERY TECHNOLOGY COMPANY, Ltd.	89OV
JIAXING JINYU FASTENER FACTORY, Ltd.	89OW
Jiaxing Jiuli Precision Manufacturing Co., Ltd.	89OX
Jiaxing Julong Hardware Technology Co., Ltd.	89OY
JIAXING KINFAST HARDWARE CO., Ltd.	89OZ
JIAXING LONGFIX FASTENERS CO., Ltd.	89PA
JIASHAN PAILONG METAL PRODUCTS CO., LTD.	89XE
JIAXING RISEN HARDWARE CO., Ltd.	89PC
JIAXING SUNFAST METAL CO., Ltd.	89PD
JIAXING YIDA NEW MATERIAL TECHNOLOGY CO., Ltd.	89PE
Jinan Star Fastener Co., Ltd.	89PF
JOYSTART AUTOMOTIVE PARTS CO., Ltd.	89PG
Langxi Longwei Metal Technology Co., Ltd.	89PH
Langxi Mingfeng Fasteners Co.,Ltd	89XF
Lianyungang Jinyu Hardware Co., Ltd.	89PI
LIANYUNGANG PINGXIN FASTENER COMPANY LIMITED	89PJ
Lianyungang Xincheng hardware Co., Ltd.	89PK
LYG Dragonscrew Co., Ltd.	89PL
MIANXUAN FASTENERS CO., Ltd.	89PM
NEDSCHROEF FASTENERS (KUNSHAN) CO., Ltd.	89PN
Ningbo Da Zhi Machine Technology CO., Ltd.	89PO
Ningbo Jinding Fastening Piece CO., Ltd.	89PR
NINGBO LEMNA PRODUCT TECHNOLOGY CO., Ltd.	89PS
Ningbo Sardis Hardware Products Co., Ltd.	89PT
NINGBO YINZHOU HAIYUN METAL PRODUCTS CO., Ltd.	89PV
Ningbo Zhenghai Yongding Fastener Co., Ltd.	89PW
NINGBO ZHENHAI DINGLI FASTENER SCREW CO., Ltd.	89PX

Ainm	Cód breise TARIC
Ningbo Zhongjiang High Strength Bolts Co., Ltd.	89PY
OK TECH CO., Ltd.	89PZ
PINGHU DRAGON FASTENER CO., Ltd.	89QA
QIFENG PRECISION INDUSTRY SCI-TECH CORP.	89QC
Qingdao Super Star Tools Co., Ltd.	89QD
QINGDAO VANKU INDUSTRY GROUP	89QE
QINGDAO XINHUA HARDWARE PRODUCTS CO., Ltd.	89QF
SHANGHAI FIRM METAL CO., Ltd.	89QG
Shanghai Kingpluse Industry Co., Ltd.	89QH
Shanghai Moutain Industries Co., Ltd.	89QJ
SHANGHAI ROMAX HARDWARE CO., Ltd.	89QK
SHANGRAO CITY YIWEN FASTENER CO., LIMITED	89QL
Suzhou YNK Fastener Co., Ltd.	89QM
T&Y Hardware Industry Co., Ltd.	89QN
TAISHAN DONYI HARDWARE CO., Ltd.	89QO
TANDL INDUSTRY CO., Ltd.	89QP
Xingtai Mindu Industrial Co. Ltd.	89QQ
Yongnian Country Tianbang Fasteners Co., Ltd.	89QR
Zhejiang Cooper Turner Beck Green Energy Co., Ltd.	89QT
Zhejiang Donghe Machinery Technology Corporation Limited	89QV
ZHEJIANG EXCELLENT INDUSTRIES CO., Ltd.	89QW
Zhejiang Haixun Precision Technology Co., Ltd.	89QX
ZHEJIANG HYSTRON AUTO PARTS CO., Ltd.	89QY
ZHEJIANG NEW SHENGDA FASTENER CO., Ltd.	89QZ